

Tá Clár na dToghthóirí á ullmhú anois don bhliain seo chugainn. Comhlánaigh an fhoirm seo agus seol ar ais **LÁITHREACH** í go dtí do chomhairle chontae ná cathrach lena chinntiú go mbeidh tusa agus baill do theaghlaigh cláraithe.

NÓTAÍ

A. DÉAN CINNTE GO LUFAIDH TÚ:

- Gach duine a bhfuil 18 mbliana slánaithe acu atá ina gcónaí ag do sheoladh;
- Daoine atá 17 bliana d'aois agus a shlánóidh aois 18 mbliana faoin 15 Feabhra seo chugainn;
- Duine ar bith a bhfuil gnáthchónaí air/ uirthi ag do sheoladh atá i dteideal vóta a chaitheamh ach atá seal as baile.

B. NÁ LUAIGH:

- Cuairteoir atá ag cur faoi seal ag do sheoladh.

C. SAORÁNACHT

Cé go bhfuil gach cónaitheoir i dteideal a bheith cláraithe, caithfidh fios a bheith ag an údarás clárúcháin (do chomhairle cathrach/contae) ar shaoránacht duine chun na toghcháin a mbeidh an duine sin in ann vótáil iontu a chinneadh.

Is mar a leanas an ceart vóta a chaitheamh:

Is féidir le **saoránaigh de chuid na hÉireann** vóta a chaitheamh i ngach toghchán agus i ngach reifreann; Is féidir le **saoránaigh de chuid na Breataine** vóta a chaitheamh i dtoghcháin Dála, i dtoghcháin Eorpacha agus i dtoghcháin áitiúla; Is féidir le **saoránaigh de chuid an AE** (seachas saoránaigh de chuid na hÉireann agus na Breataine) vóta a chaitheamh i dtoghcháin Eorpacha agus i dtoghcháin áitiúla; Is féidir le **saoránaigh ó thíortha lasmuigh den AE** vóta a chaitheamh i dtoghcháin áitiúla.

D. DHÁ LEAGAN DEN CHLÁR

Ó 2004, ceanglaítear ar údaráis clárúcháin dhá leagan den chlár a fhoilsiú – an clár iomlán agus an clár atheagraithe. Sa chlár iomlán, liostaítear gach duine atá i dteideal vóta a chaitheamh agus ní féidir é a úsáid ach chun críche toghcháin nó chun críche reachtúla eile.

AN CLÁR ATHEAGRAITHE

Beidh ainmneacha agus seoltaí na ndaoine ar féidir a gcuid sonraí a úsáid chun críocha eile seachas críocha toghcháin nó críocha reachtúla, m.sh. do dhírmhargáíocht ag eagraíocht trádála nó ag eagraíocht eile, ar an gclár atheagraithe.

Mura mian le haon duine/daoine eile den teaghlach a bheith curtha ar an gclár atheagraithe, ba chóir duit tic a chur sa bhosca/sna boscaí rogha an diúltaithe cuí i gcolún (v) i gcuid a 3 den fhoirm.

IARRATAS AR IONTRÁIL AINMNEACHA I GCLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ (úsáid BLOCLITREACHA agus PEANN GRÁNBHIORACH le do thoil)

1. Seoladh poist iomlán na háite cónaithe:

2. An bhfuil aon teaghlaigh/árasáin eile ag uimhir 1 lastall?

Tá Níl

3. Liostaigh sa tábla thíos gach duine atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn nó a shlánóidh aois 18 mbliana faoin 15 Feabhra seo chugainn a bhfuil gnáthchónaí air/uirthi ag an seoladh lastall. Tabhair na sonraí is gá maidir le gach duine.

Mura mian le haon duine atá liostaithe a bheith curtha ar an gclár atheagraithe, cuir tic freisin sa bhosca/sna boscaí rogha an diúltaithe cuí. Ba chóir don té a chomhlánaíonn an fhoirm seo seiceáil le daoine eile sa teaghlach maidir le bheith ar an gclár atheagraithe. (féach nóta D).

(i) SLOINNE	(ii) AINM(NEACHA)	(iii) DÁTA BREITHE (LL MM BB)	(iv) SAORÁNACHT Cuir tic le do thoil más Éireannach nó ón mBreatain tú (luaigh saoránacht gach duine eile más ó thír eile san AE/nó Neamh-AE iad)				(v) ROGHA AN DIÚLTAITHE DON CHLÁR ATHEAGRAITHE (féach nóta D)			
			Éireannach	Ón mBreatain	Tír eile san AE	Tír Neamh-AE				

4. Más i rith na bliana seo caite a chuir aon duine atá liostaithe thuas faoi ag an sheoladh thuas, tabhair ainm agus seanseoladh an duine sin.

5. Dearbhú: Creidim gur fíor é an t-eolas a thugtar thuas.

Is cion é gan aon eolas is gá chun críocha a dhualgais a thabhairt don údarás clárúcháin nó eolas bréige a thabhairt.

Síniú Uimhir teileafóin lae (i gcomhair aon cheiste) Dáta